## Bileog 3.1

Sula n-éisteann tú le Ciara Nic Gearailt ag déanamh cur síos ar an áit a bhfuil sí ina cónaí féach ar na focail seo leis an duine in aice leat. An bhfuil a fhios agaibh cad is brí leo?

| | | |
|---|---|---|
| ag cur fúm | árasán | ar cíos |
| d'aistrigh mé | tiarna talún | réidh |

Éist le Ciara agus a cara ag caint anois agus freagair na ceisteanna thíos:



Cá bhfuil Ciara ag cur fúithi? Cén cineál lóistín atá aici ansin?
Cá raibh cara Chiara agus cá bhfuil sí ina cónaí anois?
Cad iad na buntáistí a bhaineann le bheith i do chónaí sa bhaile, dar le Ciara agus a cara?





**Ag cur *fúm* – cén ghné den ghramadach é seo? Scríobh féin agus an duine in aice leat an fhoirm cheart de *fúm* i ngach pearsa.**

**Súil Siar**
Beidh tú ag labhairt leis an duine in aice leat faoi do cheantar. Tá comhrá samplach thíos – léigí an comhrá le chéile ar dtús agus ansin bunaígí bhur gcomhrá féin air.



- *Cá bhfuil tú i do chónaí?*
- *Tá mé i mo chónaí san Uaimh, agus tú féin?*
- *Tá mise i mo chónaí i mBaile Lorgan.*
- *An maith leat do cheantar?*
- *Is breá liom é. Tá áiseanna iontacha sa bhaile agus tá muid cóngarach go leor do Bhaile Átha Cliath. Tá an-chuid de mo chairde ina gcónaí i mBaile Átha Cliath go fóill. Cad fút féin, an maith leat féin do cheantar?*
- *Tá sé ceart go leor. Níl áiseanna maithe ann agus bíonn a lán tráchta sa bhaile sa tráthnóna. Tá strus agus brú ag baint leis sin. Ach tá mo theaghlach ar fad ann agus is breá liom é sin.*

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 3.2

Sa phíosa thíos tá Clár ag cur síos ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le bheith i do chónaí sa bhaile. Glac féin agus an duine in aice leat sealanna leis an phíosa a léamh, agus cuardaígí focail ar bith nach bhfuil ar eolas agaibh san fhoclóir.



Tá mise ag cur fúm sa bhaile le mo thuismitheoirí. Síleann daoine áirithe go bhfuil sé sin aisteach mar go bhfuil mé bliain is fiche d'aois ach tá mé ag freastal ar an gColáiste Ollscoile Baile Átha Cliath. Tá sé ródhaor árasán a fháil ar cíos sa chathair. Tá a lán buntáistí ag baint le bheith sa bhaile chomh maith. Bíonn an teach te i gcónaí agus ní chaithfidh mé billí gáis nó leictreachais a íoc. Bíonn an dinnéar réidh i gcónaí ar a sé a chlog. An t-aon mhíbhuntáiste amháin a bhaineann le bheith i mo chónaí sa bhaile ná nach bhfuil mé ábalta daoine a thabhairt abhaile liom. Ní féidir liom, i ndáiríre, cóisirí ar bith a bheith agam.

An bhfuil Clár sásta sa bhaile, dar libh?

Ag obair leis an duine in aice leat arís féachaigí ar na boscaí thíos. An dtuigeann sibh na focail? Cén téarma gramadaí atá ar na focail? Scríobhaigí sna bearnaí iad.
Ansin déanaigí iarracht úsáid a bhaint as na focail sna boscaí chun abairtí a chumadh faoi na háiteanna a raibh sibh féin in bhur gcónaí iontu.

| 1.__________ | 2.__________ | 3.____________ |
|---|---|---|
| Bhí/tá | Compordach | An cíos |
| D'aistrigh mé | Deas | An tiarna talún |
| Bhog mé | Go breá | An teas lárnach |
| Cheannaigh mé | Áisiúil | An chathair |
| Chaith mé | Lárnach | An baile |
| Chuaigh mé | Go hálainn | An tuath |
| Tháinig mé | Daor/Saor | An teach |
| | | An t-árasán |



**Cé mhéad briathar neamhrialta atá ann sa Ghaeilge?**
**Cén bealach is fearr duitse leis na briathra a fhoghlaim?**

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 3.3

Féach ar an stór focal seo a bhaineann le háiteanna cónaithe. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí iarracht brí na bhfocal a aimsiú le chéile.

teach
árasán
scoite/leathscoite/sraithe
gairdín
garáiste
díon
doras tosaigh
dhá stór/trí stór
bloc árasán
teach feirme
teach tuaithe
eastát tithíochta

Anois, cuirigí na hainmfhocail ar chlé a bhfuil líne fúthu san uimhir iolra.

Féachaigí ar na ceisteanna seo:

Cá bhfuil tú ag cur fút?
Cá bhfuil tú i do chónaí?
Cén cineál tí atá agat?

Cuir ceist amháin de na ceisteanna ar chlé ar an duine in aice leat.

Ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa cum ceisteanna atá oiriúnach do na habairtí seo a leanas:

Árasán atá ann. ______________________
Ní hea, teach scoite atá ann. ______________________
Tá sé mór go leor. ______________________
Tá gairdín breá mór ann. ______________________
Tá trí sheomra codlata ann. ______________________
Tá. Tá na comharsana go deas. ______________________
Is maith liom an ceantar go mór! ______________________

Siúil timpeall an ranga anois agus faigh amach cén cineál áite a bhfuil gach duine sa rang ina gcónaí inti. Breac síos méid na ndaoine sna colúin chuí sa bhosca thíos:

| **Teach scoite** | **Teach leathscoite** | **Árasán** | **Eile** |
|---|---|---|---|
| | | | |

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 3.4 Duine A

Seo thíos pictiúr de do theach. Tá pictiúr eile ag an duine in aice leat den áit a bhfuil sé/sí féin ina c(h)ónaí. Níl an dá phictiúr mar an gcéanna. Beidh sibh ag cur ceisteanna ar a chéile ar ball faoi na tithe, agus ní féidir ach freagraí gonta a thabhairt.

Céim 1: Smaoinigh ar cheisteanna le cur ar an duine in aice leat faoin teach ina p(h)ictiúr agus bí cinnte go bhfuil na freagraí gonta agat féin ar na ceisteanna céanna. Mar shampla:

| | |
|---|---|
| An teach é? | Is ea/Ní hea |
| An teach leathscoite é? | Is ea/Ní hea |

Céim 2: Anois, cuir na ceisteanna faoi chéim 1 thuas ar an duine in aice leat. Beidh sé/sí ag cur ceisteanna ortsa chomh maith.

Céim 3: Breac síos focail le cuidiú leat cuimhneach ar theach an duine eile mar beidh tú ag scríobh cuntas gairid air ar ball.

Céim 4: Scríobh cuntas gairid anois faoi theach an duine eile.

Céim 5: Nuair atá an cuntas déanta agat féach ar phictiúr an duine eile le feiceáil an raibh do chuntas cosúil leis an phictiúr.



© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 3.4 Duine B

Seo thíos pictiúr de do theach. Tá pictiúr eile ag an duine in aice leat den áit a bhfuil sé/sí féin ina c(h)ónaí. Níl an dá phictiúr mar an gcéanna. Beidh sibh ag cur ceisteanna ar a chéile ar ball faoi na tithe, agus ní féidir ach freagraí gonta a thabhairt.

Céim 1: Smaoinigh ar cheisteanna le cur ar an duine in aice leat faoin teach ina p(h)ictiúr agus bí cinnte go bhfuil na freagraí gonta agat féin ar na ceisteanna céanna. Mar shampla:

| | |
|---|---|
| An teach é? | Is ea/Ní hea |
| An teach leathscoite é? | Is ea/Ní hea |

Céim 2: Anois, cuir na ceisteanna faoi chéim 1 thuas ar an duine in aice leat. Beidh sé/sí ag cur ceisteanna ortsa chomh maith.

Céim 3: Breac síos focail le cuidiú leat cuimhneach ar theach an duine eile mar beidh tú ag scríobh cuntas gairid air ar ball.

Céim 4: Scríobh cuntas gairid anois faoi theach an duine eile.

Céim 5: Nuair atá an cuntas déanta agat féach ar phictiúr an duine eile le feiceáil an raibh do chuntas cosúil leis an phictiúr.



______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 3.5

Ag cur tuairimí in iúl faoi d'áit chónaithe.



**Súil Siar**

Beidh tú ag rá leis an duine in aice leat an bhfuil tú sásta nó míshásta le do theach nó d'árasán. Sula dtosaíonn sibh an comhrá labhair le beirt atá in aice leat agus breacaigí síos na bealaí éagsúla atá ar eolas agaibh le tuairimí a chur in iúl.

Diúltach ( - ) ⟷ Dearfach ( + )

---

Ag obair leis na daoine i do ghrúpa féachaigí ar an cheist agus na freagraí seo:

An bhfuil tú sásta leis an teach/árasán?

- Tá sé ceart go leor.
- Is breá liom é.
- Tá. Ach ba mhaith liom teach eile a cheannach.
- Sásta go leor ach tá sé an-bheag.
- Níl. Tá sé ar cíos agam agus tá an cíos ródhaor.
- Tá sé lárnach.
- Is breá liom ciúnas na tuaithe.
- Tá na comharsana an-deas ar fad.
- Tá sé te agus compordach.

An féidir libh smaoineamh ar aon fhreagraí / tuairimí eile?

Smaoinigh ar an áit a bhfuil tú féin i do chónaí inti. Bain úsáid as na habairtí thuas le cuidiú leat cur síos a dhéanamh ar d'áit chónaithe do na daoine eile i do ghrúpa.

Scríobh cuntas gairid ar áit chónaithe duine amháin atá sa ghrúpa leat:

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

© Ollscoil Mhá Nuad

# Bileog 3.6

Féach ar an phictiúr seo den árasán atá ag Ciara i mBéal Feirste. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos:



1. Cad iad na seomraí atá san árasán?
2. Cad iad na seomraí nach bhfuil ann, a bheadh i dteach níos mó?
3. Cuir an uimhir cheart in aice le gach rud sa phictiúr.

1. fuinneog
2. urlár
3. teilifíseán
4. cófra
5. cathaoir uillinne
6. lampa
7. cuirtíní
8. leaba
9. doras
10. tolg
11. sorn
12. doirteal
13. reoiteoir
14. leithreas
15. cithfholcadh

Scríobhaigí síos focal ar bith atá in easnamh ón liosta ar chlé, dar libh.
______________________________
______________________________
______________________________
______________________________

Labhair leis an duine in aice leat faoi do theach/árasán féin, faoi na seomraí ar fad atá sa teach agus troscán ar bith speisialta atá agat.



**Cuir na hainmfhocail 1-15 san uimhir iolra.**
**Pléigh leis an duine in aice leat aon riail atá ar eolas agaibh faoi ainmfhocail a chur san uimhir iolra.**

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 3.7 Duine A

Tá pictiúr ag an duine in aice leat atá cosúil leis an phictiúr seo ach tá seacht ndifríocht idir an dá phictiúr. Bain úsáid as na focail agus na ceisteanna seo thíos le cuidiú libh na difríochtaí sin a aimsiú.




An bhfuil ____ i do phictiúr?
Cé mhéad ____ atá ann?
An bhfuil ____ ar an chuntar?




ciseán
buidéal
prios
sorn
cócaireán
nótaí
plocóid
cnaipe

___________________________________________

Féachaigí beirt anois ar na pictiúir seo. An féidir libh Gaeilge a chur orthu? Cén seomra ina mbíonn siad de ghnáth?

________ ________ ________ ________


________ ________ ________ ________

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 3.7 Duine B




Tá pictiúr ag an duine in aice leat atá cosúil leis an phictiúr seo ach tá seacht ndifríocht idir an dá phictiúr. Bain úsáid as na focail agus na ceisteanna seo thíos le cuidiú libh na difríochtaí sin a aimsiú.


An bhfuil ____ i do phictiúr?
Cé mhéad ____ atá ann?
An bhfuil ____ ar an chuntar?



ciseán
buidéal
prios
sorn
cócaireán
nótaí
plocóid
cnaipe

Féachaigí beirt anois ar na pictiúir seo. An féidir libh Gaeilge a chur orthu? Cén seomra ina mbíonn siad de ghnáth?

________ ________ ________ ________

________ ________ ________ ________

© Ollscoil Mhá Nuad

# Bileog 3.8

Tá teach nua ceannaithe agat. Tá pictiúir thíos de na rudaí ar fad atá le déanamh agat go fóill sa teach. Roghnaigh an t-ainmfhocal agus an briathar ceart ó na boscaí le cur síos a dhéanamh ar gach pictiúr. Tosóidh gach abairt le:

Caithfidh mé . . .

Na hainmfhocail

(na) soithí
(an) teach
(an t-) urlár
(an) fonsa
(na) plandaí/crainn
(an t-) inneall níocháin
(an) díon
(an) cófra

a cheannach
a ní
a phéinteáil
a chur
a dheisiú
a thógáil










Féach ar an struchtúr seo anois:

Tá plandaí le cur agam!

Bain úsáid as an struchtúr seo anois leis na habairtí céanna a rá arís.

An bhfuil aon rud le déanamh agat féin sa teach an deireadh seachtaine seo? Abair leis an duine in aice leat cad é atá le déanamh agat!

© Ollscoil Mhá Nuad



- Éist le Seán Mac Gearailt anois ag déanamh cur síos ar na rudaí ar fad atá le déanamh aige sa teach nua a cheannaigh sé ar na mallaibh i nGaillimh.
- Breac síos gach rud atá le déanamh aige agus féach an raibh na an liosta céanna ag an duine in aice leat.

© Ollscoil Mhá Nuad

**Bileog 3.9**

**Údarás na Gaeltachta agus an Phleanáil Teanga www.udaras.ie**

Sula léann tú féin agus an duine in aice leat an píosa, féachaigí ar na focail seo thíos. An féidir libh iad a cheangal leis na mínithe Béarla ar dheis?

| | |
|---|---|
| a chothú | planning methods |
| a chaomhnú | to sustain |
| a athbheochan | objective |
| modhanna pleanáilte | to conserve |
| sprioc | to revive |

*Anois léigí an t-alt os ard le chéile. Cad é, go ginearálta, ábhar an ailt?*

**I gcroílár ghníomhaíochtaí** Údarás na Gaeltachta tá cothú agus **forbairt** na teanga. Féachann an tÚdarás le pobail fhuinniúla Ghaeltachta a chothú agus a chaomhnú chomh maith le **bealaí cruthaitheacha** a aimsiú chun an Ghaeilge a athbheochan mar dhara teanga láidir i nGaeltachtaí ina bhfuil an teanga níos laige ná mar a bhíodh.

Cad is Pleanáil Teanga Ghaeltachta ann?

Is éard atá i gceist leis an bpleanáil teanga ná modhanna pleanáilte faoina ndéantar iarracht **tionchar** a imirt ar an teanga a labhraítear in aon phobal faoi leith. Is é an sprioc atá ag an bpleanáil teanga sa chás seo ná lucht labhartha na Gaeilge a mhéadú agus buanú a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge mar **theanga teaghlaigh** agus mar **theanga pobail**.

Seo a leanas na príomhréimsí ar a bhfuil pleananna teanga bunaithe:

1. An córas oideachais
2. Seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh
3. Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile
4. Deiseanna foghlama lasmuigh den chóras oideachais
5. An earnáil ghnó
6. Eagrais phobail agus comharchumainn
7. Na meáin chumarsáide
8. Seirbhísí poiblí
9. Pleanáil agus forbairt fhisiciúil
10. Seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire
11. Úsáid na Gaeilge i measc an phobail, dearcadh an phobail ina leith agus a mhéid a thacaíonn an pobal i gcoitinne leis an bplean teanga

*Anois léigí an píosa arís ag úsáid na gluaise le cuidiú libh:*




| | |
|---|---|
| i gcroílár | - at the heart of |
| gníomhaíochtaí | - activities |
| forbairt | - development |
| bealaí cruthaitheacha | -creative ways |
| tionchar | - influence |
| teanga teaghlaigh | - family language |
| teanga phobail | - community language |

© Ollscoil Mhá Nuad

© Ollscoil Mhá Nuad